Coláistí Gaeilge

Láidreachtaí, Laigeachtaí
Easnaimh 7 Féidearthachtaí

Micheál Ó Foighil
Bainisteoir Choláiste Lurgan
Deireadh Fómhair 2005

c.c. An Aire Oideachais 7 Eolaíochta
c.c. An Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe 7 Gaeltachta

Réamhrá

Tá an-chreidiúint ag dul do na daoine a chur tús le Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge agus na gColáistí Gaeilge sna seascaidí. Níl a mhacasamhail de thogra oideachais a d'fhorbair thar na blianta in aon áit eile ar domhan.
Is ábhar mórtais do na Coláistí Gaeilge go bhfreastalaíonn os cionn 24,000 scoláire orthu gach aon samhradh. Caithfear a chur san áireamh nach bhfuil aon iachall ar scolairí freastal ar chúrsa Gaeilge.
Bíonn formhór na scoláirí agus a dtuismitheoirí an-sásta leis an teagasc agus an aire a fhaigheann siad sna Coláistí Gaeilge. Léiriú ar seo is ea go dtagann scoláirí ó na clanna, scoileanna agus ceantair chéanna ar ais bliain i ndiaidh bliana.

Tá an struchtúr an stiúradh agus an riaradh céanna ar Choláistí Gaeilge, iad faoi chúram Roinn na Gaeltachta agus na Roinne Oideachais le dhá scór bliain gan aon athrú déanta orthu.
Níl ceachtar den dá Roinn gníomhach le blianta anuas i bhforbairt na gColáistí Gaeilge agus níl aon phlean oibre ag an dá Roinn thuasluaite do thodhchaí na gColáistí Gaeilge.
Tá laghdú mór tagtha ar thacaíocht airgid an Stáit do Choláistí Gaeilge.
Níor dearnadh tada faoi na moltaí atá sa leabhrán "Athbhreithniú ar Chóras na gColáistí Gaeilge Samhraidh - Cinnithe -" a foilsíodh Feabhra 2000.

Is am tráthúil é seo chun mórscrúdú ó bhonn a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le struchtúir stiúrtha, riartha, tacaíochta agus forbartha a chur in áit a dhéanfadh freastal ceart ar riachtanais na gColáistí Gaeilge san aois seo.

Ba cheart go mbeadh ionchur ag na príomhpháirtithe a bhfuil baint fhadtréimhseach acu le Coláistí Gaeilge, sin iad, an stát, mná tí, lucht riartha na gColáistí, tuismitheoirí, ardmháistrí 7rl. i bhforbairt chórais ina mbeadh tús áite tugtha do na cleachtais is fearr a fheileann don obair.

Tá gá **Bord Stiúrtha na gColáistí Gaeilge** a bhunú agus cigirí lánaimseartha a cheapadh nach mbeadh de chúram orthu ach Coláistí Gaeilge amháin. I measc na gcáilíochtaí a theastódh a bheith acu bheadh taithí mhaith i múineadh na Gaeilge agus cur amach ar obair na gColáistí Gaeilge.

Má tá sé mar sprioc againn go mbeadh Coláistí Gaeilge ag mealladh 24,000 scoláire chun na Gaeltachta i gceann 10 /20 nó fiú 30 bliain amach anseo caithfear gníomhú gan mhoill ar straitéis a chuirfidh na struchtúir cuí in áit.

Bunaidhm Choláiste Gaeilge

Freastalaíonn Coláistí Gaeilge ar dhaoine óga, trí chúrsaí Gaeilge a chur ar fáil dóibh siúd atá ag iarraidh feabhas a chur ar a nGaeilge labhartha.
Iarrtar ar scoláirí a thagann chuig Colaistí Gaeilge tús áite a thabhairt do labhairt na Gaeilge le linn an chúrsa.
Is éileamh an-réasúnta é seo ar dhaoine atá ag teacht ar chúrsa teanga, go háirithe nuair is í a dteanga dhúchais atá i gceist.
Bíonn an timpeallacht lán-Ghaeilge a chothaítear le linn cúrsa Gaeilge ag brath go hiomlán ar rannpháirtíocht agus ar dhea-mhéin na scoláirí ar an gcúrsa.

Is é ár dtaithí, ó bheith ag obair le daoine óga ar chúrsaí Gaeilge, go mbíonn a bhformhór fábhrach don Ghaeilge agus go nglacann siad páirt go fonnmhar in imeachtaí uile na gcúrsaí.
I ndeireadh na dála, braitheann todhchaí na teanga cuid mhaith ar dhaoine óga, ar a gcumas í a labhairt agus ionad agus tábhacht na teanga sa todhchaí sin a thuiscint.

Is bunphrionsabal d'aon chúrsa teanga é tús áite a thabhairt don teanga ata á foghlaim.
Is éard atá le tairiscint ag Coláiste Gaeilge don fhoghlaimeoir óg ná suíomh foghlamtha ina bhfuil sé /sí in ann ionchur a bheith aige i gcothú agus i gcoimeád timpeallacht lán-Ghaeilge ar feadh tréimhse fhada ama. Ní bhíonn aon taithí ag formhór na scoláirí a thagann ar chúrsa don chéad uair ar Ghaeilge a labhairt lasmuigh de shuíomh an tseomra ranga.
Bíonn deis iontach ag scoláirí sna trí seachtainí cur go mór leis an méid Gaeilge atá acu. Faigheann siad deis an méid Gaeilge atá acu ón scoil a úsáid.
Tá ionchur chuile scoláire tábhachtach, is cuma cén cumas Gaeilge atá acu.

Tá an chéad chúpla lá de chúrsa an-tábhachtach ar fad.

- Caithfidh gach scoláire cinneadh coinsiasach a dhéanamh go bhfuil sé/sí chun páirt iomlán a ghlacadh sa chúrsa Gaeilge.
- Caithfidh cairde tacaíocht agus cúnamh a thabhairt dá chéile le linn an chúrsa.
- Caithfidh scoláirí atá sa teach lóistín céanna ceist labhairt na Gaeilge ina dteach féin a phlé eatarthu féin.

Má leantar na céimeanna seo beidh scoláirí sul i bhfad ar a gcompord ag labhairt i nGaeilge lena chéile. Tar éis cúpla lá beidh siad ag smaoineamh go hiomlán as Gaeilge agus faoi dheireadh an chúrsa beidh an-fheabhas tagtha ar a nGaeilge labhartha.

Tionchar na gcúrsaí ar Scoláirí

Caithfear a thuscint nach mbíonn taithí ar bith ag formhór na scoláirí a thagann ar chúrsa don chéad uair ar Ghaeilge a labhairt lasmuigh de sheomra ranga. Déantar chuile iarracht le linn an chúrsa a léiriú don scoláire gur rogha réadúil í an Ghaeilge mar theanga chaidrimh i saol an lae inniu.

Caithfidh scoláirí a aireachtáil go bhfuil spéis ina n-iompar teanga agus go bhfuil tacaíocht agus cúnamh leanúnach ar fáil dóibh agus iad ag déanamh iarracht Gaeilge a labhairt an t-am ar fad.

Méadaíonn féinmhuinín scoláire leis na hiarrachtaí a dhéanann sé/sí agus leis sin méadaíonn an fonn a bhíonn air/uirthi an teanga a fhoghlaim agus a labhairt.

Is cinnte gur cúnamh mór iad na cúrsaí seo do scoláirí agus gur mó an taitneamh agus an fiúntas a bhaintear as foghlaim na Gaeilge tar éis dóibh filleadh ar a scoileanna féin.

Tá géarghá le haiseolas neamhspleách i dtaobh éifeacht agus fiúntas na gColáistí Gaeilge agus ar an tionchar a bhíonn acu ar na scoláirí a dhéanann freastal orthu maidir le foghlaim agus úsáid na Gaeilge.

Na Bunchoinníollacha is gá a chomhlíonadh chun cúrsa Gaeilge a reáchtáil

Tá bunchoinníollacha is gá a chomhlíonadh chun cúrsa Gaeilge, ina mbeidh deis ag scoláirí ionchur dearfach a bheith acu, a reáchtáil. Tá an timpeallacht lán-Ghaeilge a chothaítear an-leochailleach agus ag brath go hiomlán ar rannpháirtíocht agus ar dhea-mhéin na scoláirí ar an gcúrsa.

Réamhullmhú

Caithfear a mhíniú go soiléir do thuismitheoirí / scoláirí roimh ré go gcaithfear tosaíocht a thabhairt d'iompar teanga le linn an chúrsa.
Chuige sin, sí Riail na Gaeilge an riail is tábhachtaí a bhaineann le hiompar scoláire le linn cúrsa Gaeilge.

Tá tacaíocht na dtuismitheoirí lárnach don réamhréiteach a dhéantar sula dtéann scoláire ar chúrsa. Tá ról tábhachtach ag an réamhagallamh ag an gcruinniú le tuismitheoirí sa réiteach seo.
Cothaítear go leor deacrachtaí i gcásanna nach dtugtar an aird cheart ar an gcomhairle a thugtar do thuismitheoirí/ scoláirí.
Fadhb mhór a bhaineann le cúrsaí Gaeilge ná go mbreathnaíonn roinnt tuismitheoirí ar na cúrsaí seo mar áis chun aire a thabhairt do dhéagóirí i gcaitheamh an tsamhraidh.
Ba chóir go mbeadh sé intuigthe agus inghlactha acu gur chun feabhas a chur ar Ghaeilge labhartha na scoláirí agus chuige sin amháin atá na cúrsaí seo ann.
Ba chúnamh mór don choláiste Gaeilge dá gcuirfeadh an Roinn Oideachais comhfhreagras chuig tuismitheoirí/ scoláirí roinnt seachtainí roimh an gcúrsa chun an pointe seo a shoiléiriú agus a threisiú.
Ónár dtaithí ag obair le daoine óga ar chúrsaí Gaeilge, feictear dúinn go mbíonn an tromlach acu fábharach do chur chun cinn na Gaeilge labhartha agus go gcuireann siad go fonnmhar leis an timpeallacht lán-Ghaeilge.

Riail na Gaeilge

Cuirtear go leor béime ar Riail na Gaeilge i ngach comhfhreagras agus cumarsáid a dhéantar le tuismitheoirí/scoláirí le linn an phróiséis agallaimh agus clárúcháin.
Mínítear go soiléir na coinníollacha iompar teanga agus síníonn tuismitheoirí/caomhnóirí foirm a léiríonn go n-aontaíonn siad leo.

Briseadh Riail na Gaeilge

Briseann scoláire Riail na Gaeilge má bhíonn sé/sí ag labhairt Béarla d'aon turas, gan iarracht ar bith ar aon Ghaeilge a bheith mar chuid den chomhrá.
Ní bhristear an riail trí roinnt focal nó fiú go leor focal Béarla a bheith sa chaint, nó má deirtear rud éigin i mBéarla gan smaoineamh nó trí thimpiste.

Go dtí 2004, ba iad foireann agus bainistíocht Choláiste Lurgan, ag feidhmiú laistigh de threoirlínte cinnte, a rinne aon chinneadh a bhain le briseadh Riail na Gaeilge.
B'éigean dúinn an chaoi a bhfeidhmítear Riail na Gaeilge a leasú i 2005 ach is é fós ár dtuairim láidir gur chóir don Roinn Oideachais tacú leis an gcur chuige a bhí againn go dtí sin.

Bíonn dúshlán an-mhór roimh fhoireann choláiste Gaeilge ag tús gach aon chúrsa.
Bíonn gá ag scoláirí le go leor tacaíochta agus cúnaimh toisc nach mbíonn taithí ar bith ag a lán acu ar Ghaeilge a úsáid mar theanga chumarsáide.
Caitear níos mó airde a thabhairt ar scoláirí le Gaeilge lag agus orthu siúd nach mbíonn mórán foinn orthu iarracht cheart a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt.
Is ag an leibhéal seo a tharlaíónn an obair is tábhachtaí agus is déine ar chúrsa Gaeilge.
Is gá scoláirí a ghríosadh /a mholadh / a spreagadh / a cheartú / a threorú / go háirithe ag tús an chúrsa.
Caithfidh scoláirí a bheith ar a suaimhneas agus caithfidh siad a aireachtáil go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh acu.
Is gá go mbeadh cairde ag tacú le hiarrachtaí a chéile Gaeilge a labhairt.
Le himeacht ama méadaíonn a gcuid féinmhuiníne agus dá réir méadaíonn an fonn a bhíonn orthu an Ghaeilge a labhairt.

Ní tharlóidh na céimeanna seo gan foireann idir mhúinteoirí / mhná tí / chúntoirí /agus chinnirí ag obair as lámh a chéile.

Chomh maith le buncháilíochtaí, tá sé tábhachtach go mbeadh spéis ar leith ag oibrithe an choláiste Gaeilge i gcur chun cinn na Gaeilge labhartha.

Chuige seo ní mór d'oibrithe a bheith ag measc adh, ag caint agus ag caidreamh le scoláirí.
Caithfidh scoláirí a aireachtáil go bhfuil spéis mhór ag foireann an choláiste ina n-iompar teanga.

Téann an teagmháil le foireann an Choláiste go mór i gcion ar scoláirí.
Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaí chuile iarracht iad a chur ar a gcompord i dtaobh úsáid na Gaeilge
Ba chóir aird ar leith a dhíriú ar scoláirí laga nó ar ghrúpaí scoláirí a mbeadh amhras faoina n-iompar teanga.

Má bhraitheann scoláirí nach bhfuil mórán spéise ag an bhfoireann ina n-iompar teanga, is cinnte go lagfaidh a gcuid iarrachtaí cloí le labhairt na Gaeilge.
Is cuidiú an-mhór do scoláirí a aireachtáil go bhfuil monatóireacht leanúnach á déanamh ar a n-iompar teanga.

Cinnirí tí

Is iarscoláirí de chuid an Choláiste iad na cinnirí tí a roghnaítear chun feidhmiú mar chinnirí sna tithe lóistín. Is mar scoláirí a thagann siad ar an gcúrsa agus faigheann siad lascaine €200 ar chostas an chúrsa. Déanann siad freastal ar Chúrsa na gCinnirí le linn seachtain na Cásca. Is scoláirí réamhardteiste iad formhór na gcinnirí.

Is iad na tréithe a lorgaítear i gcinnirí ná:
- Leibhéal ard freagrachta agus aibíochta
- Líofacht mhaith i labhairt na Gaeilge
- Cumas ceannasaíochta agus comhoibriú le daoine
- Tuiscint shoiléir gurb í aidhm na gcúrsaí ná labhairt na Gaeilge a chur chun cinn i measc scoláirí

Tá obair na gcinnirí an-tábhachtach agus is cinnte nach mbeadh na cúrsaí chomh héifeachtach dá huireasa.
Bíonn go leor ócáidí ann nach mbíonn múinteoir / cúntóir / bean an tí i láthair agus scoláirí i mbun comhrá lena chéile, mar shampla, sna seomraí leapa, ag dul chuig agus ag teacht ón gColáiste, i gclós an choláiste, ar an trá srl.
Ócáidí an-tábhachtacha iad seo ar chúrsa Gaeilge. Léiríonn iompar teanga na scoláirí ar na hócáidí seo an bhfuil siad dáiríre faoin gcúrsa Gaeilge nó nach bhfuil.
Tá ról lárnach ag an gcinnire tí i gcothú atmaisféir dhearfach maidir le h-úsáid na Gaeilge i measc scoláirí an tí.
Téann cinnire tí atá éifeachtach i gcion go mór ar bhuachaillí / cailíní a dtí lóistín féin chun iad a chur ar a gcompord agus cuidiú leo socrú isteach ar an saol sa gColáiste.
Cinntíonn an cinnire tí go gcomhlíontar na bunriachtanais sábháilteachta le linn do scolaírí a bheith ag taisteal idir an teach lóistín agus an Coláiste.

Is iarchinnirí iad na cúntóirí atá ag freastal ar choláiste triú leibhéal nó atá tar éis an ardteist a chríochnú. Fostaíonn an Coláiste cúntóir do gach aon rang agus íoctar ar an meán €450 leo chomh maith le costas lóistín.

Ar dhualgais na gcúntóirí tá:

Glanadh an choláiste / leithris / clós
Siopa GOAL a reáchtáil (Rinne an siopa seo €48,000 do GOAL i 2005)
Banc / Oifig an Phoist na scoláirí a reáchtáil.
Fóin an Choláiste a fhreagairt.
Na ríomhairí sna ranganna a shocrú agus a chur i dtaisce gach lá.
Comórtais spóirt idir thithe lóistín a eagrú d'am lóin.
Fearais spóirt a shocrú go laethúil
Rothair a dheisiú.
Imeachtaí iarnóna a stiúradh agus a mhaoirsiú (le cabhair múinteora) e.g.
rothaíocht / caigheacáil / iascaireacht / cispheil / eitpheil / cluichí páirce/ siúlóid srl.
Imeachtaí tráthnóna / oíche a stiúradh agus a mhaoirsiú le cabhair na múinteoirí. e.g. céilithe / damhsaí / drámaí / comórtais stáitse idir thithe lóistín srl.

Cuireann cúntóirí chomh maith le múinteoirí agus mná tí Riail na Gaeilge i bhfeidhm.

Freastalaíonn 400 scoláire ar ionad do scoláirí bhliain a dó go bhliain a cúig agus bíonn foireann bainistíochta i.e. príomhoide / bainisteoir agus beirt leasphríomhoidí ina bhun.

San ionad Bhliain a h-Aon bíonn 100 scoláire faoi chúram bainisteora agus príomhoide.

Sa mbreis ar an *quota* múinteoirí bíonn teagascóirí caigheacála agus bainisteoir teanglainne fostaithe. Bíonn foireann cistine de sheisear fostaithe a réitíonn lón do 500 scoláire agus 50 fostaí gach lá.

Bíonn ceithre fheithicil ar an mbóthar i gcaitheamh na gcúrsaí agus bíonn ceathrar tiománaithe lánaimseartha mar chuid d'fhoireann oibrithe an choláiste. Tá ionad níochán éadaigh sa gColáiste ina nitear éadaí na scoláirí faoi dhó le linn an chúrsa.

Tréimhsí Dualgais:

An mhaidin:	**09:20 - 12:30**
09:20	Tionól sa halla:
09:30 - 10:50	Seisiún Ranga 1
10:50 - 11:10	Briseadh
11:10 - 12:30	Seisiún Ranga 2

Am lóin:	**12:30 - 2:30**
cúigear múinteoirí ón róta / maoirseacht 7 monatóireacht	
12:30 - 12:50	Briseadh
12:50 - 01:15	Lón
01:30 - 02:15	Comórtais idir thithe lóistín. Bíonn ar gach ball den fhoireann atá ar dualgas lón a chaitheamh leis na scoláirí.

Tréimhse iarnóna:	**14:30 - 17:00**
deichniúr ar dualgas / maoirseacht 7 monatóireacht	

- A chinntiú go bhfuil pé imeacht ina bhfuil na scoláirí páirteach faoi stiúir mhúinteora agus rite go héifeachtach.
- Má bhíonn an aimsire feiliúnach rachfar chuig an trá ag 16:00. Ba chóir don mhúinteoir siúl lena g(h)rúpa agus a chinntiú go bhfanann cinnirí agus cúntóirí leis an ngrúpa chomh maith.

- Bíonn géarghá le leibhéal ard maoirseachta agus monatóireachta le linn do scoláirí a bheith ag an trá.
- Caithfear a chinntiú nach bhfágann scoláirí an limistéar ceadaithe.
- Ba cheart do mhúinteorí measchadh le scoláirí nuair a bhíonn siad ag bailiú ina ngrúpaí tí.

Seisiún an tráthnóna: 19:20 - 21:40

cúigear múinteoirí ón róta, maoirseacht 7 monatóireacht

- Maoirseacht ar scoláirí ag trasnú an bhóthair chun dul chuig an siopa.
- Ní mór do gach ball foirne atá ar dualgas tráthnóna measchadh le scoláirí sa halla.

Cigireacht ar thithe: 22:00 - 22:30

- Téann múinteoir chuig 3-4 theach ar an oíche dualgais
- Tugann mionbhus an Choláiste chuig na tithe lóistín iad
- Labhrann an múinteoir le bean an tí i dtosach

Tá an-tábhacht le cúrsa oiliúna na gCinnirí faoi Cháisc agus tá buíochas ag dul don Roinn Oideachais agus do Roinn na Gaeltachta as ucht tacú leis an gcúrsa seo.

Toisc gur iarchinnirí iad formhór na gcúntóirí bíonn an-taithí acu cheana féin ar mhodhanna oibre an Choláiste.
Mar gheall ar seo níl aon ghá le cúrsa oiliúna ar leith do na cúntóirí.

Is scéal eile é oiliúint do mhúinteoirí.
Tá difríochtaí ollmhóra idir an chaoi a gcuirtear ceachtanna Gaeilge labhartha i láthair ar chúrsa Gaeilge agus an chaoi a mhúintear Gaeilge sna gnáthscoileanna.
Ta infheistíocht idir am agus airgead déanta ag Coláiste Lurgan i bhforbairt chúrsa teanga ilmheánach. Táthar ag cur leis an ábhar i gcaitheamh an ama.
Feictear dúinn go bhfuil gá ár múinteoirí a oiliúint chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na fearais agus na h-acmhainní seo.
Ní bhíonn an t-am ann i rith na gcúrsaí chun tabhairt faoin oiliúint seo. (Bíonn scoláirí ar an láthair óna 9:00 r.n. - 5:30 i.n agus arís ón 7:00i.n. - 10:30 i.n., seacht lá na seachtaine.)
Tá fúinn cúrsaí oiliúna a reáchtáil dár múinteoirí sula dtosaíonn cúrsaí 2006.
Is costas breise ar an gColáiste Gaeilge iad seo a eagrú.
Níl aon chúnamh Stáit dá leithéid seo de chúrsaí in ainneoin gur gealladh cúnamh i 2000.

Tá dúshlán romhainn i.e. na hathruithe atá ag tarlú i saol na teicneolaíochta a shnaidhmeadh lenár modhanna múinte, ionas go mbeidh an cur i láthair is éifeachtaí in úsáid againn i múineadh na Gaeilge.
Chuige sin tá infheistiú shuntasach déanta againn i dtrealamh do sheomraí ranga agus i bhforbairt chúrsa teagaisc ilmheánach.

Tá an trealamh seo a leanas in úsáid i gColáiste Lurgan:

- córas cur i láthair ilmheánach i ngach seomra ranga (teilgeoir sonraí / córas fuaime agus ríomhaire)
- teanglann digiteach ina leanann na scoláirí cleachtaí atá bunaithe ar obair na ranganna

Foilsiúcháin do chúrsa teagaisc 2005:

- Tá dhá chúrsa teagaisc ilmheánach, ceann do na sinsir agus ceann do na sóisir deartha $_7$ foilsithe
- Tá cur i láthair ilmheánach ar fhormhór na gceachtanna réitithe againn
- Tá leabhair oibre, a thagann leis an gcur i láthair ilmheánach don dá chúrsa teagaisc foilsithe againn
- Tá dhá dhlúthdhiosca fuaime ar a bhfuil fuaimrianta an chúrsa foilsithe fresin

Tá scoláirí in ann dul siar ar an gcúrsa Gaeilge ach an leabhar oibre agus na dlúthdhioscaí seo a úsáid.
Tá go leor féidearthachtaí ag cur i láthair ilmheánach i múineadh teangacha sa seomra ranga agus i gcúrsa féinfhoghlamtha.
I gcomparáid le nuatheangacha eile, tá an méid ábhair as Gaeilge, atá ar fáil do chur i láthair ilmheánach, teoranta go maith.
Teastaíonn saineolas ar theicneolaíocht faisnéise agus Gaeilge chomh maith le hinfheistíocht mhór ama chun ábhar d'ardchaighdeán a ullmhú.

Imeachtaí

Tá freagracht throm ar lucht bainistíochta cúrsa i leith sláinte agus sábháilteacht gach aon scoláire agus iad faoi chúram an Choláiste. Is é mo thuairim nach bhfuil sé ar chumas an Choláiste dóthain d'fhoireann, idir mhúinteoirí / chúntóirí 7 theagascóirí le sainscileanna a fhostú chun freastal ar na riachtanais uilig; idir theagasc / stiúradh / maoirseacht agus monatóireacht iompar teanga le linn am imeachtaí.

Tá gá leis an gcoimheas múinteoirí / cúntóirí: scoláirí a bhíonn fostaithe ar Choláiste Gaeilge a laghdú ó 1:25 go 1:20 (nó níos lú) chun go mbeidh breis cúnaimh ar fáil chun imeachtaí a mhaoirsiú agus a stiúradh i gceart.

Cuireann clár imeachtaí an Choláiste ina bhfuil réimse leathan gníomhaíochtaí, go mór leis an taitneamh agus an fiúntas a bhaintear as an gcúrsa. i.e. spórt 7 cluichí san iarnóin; imeachtaí cultúrtha agus ócáidí sóisialta sa tráthnóna/ oíche)

Tá gá le h-infheistíocht leanúnach ó bhliain go bliain chun trealamh a athnuachan agus chun cur leis an réimse atá ar fáil.

Is gá imeachtaí ar nós caigheacáil / iascaireacht / rothaíocht / turais áitiúla / grúpaí drámaíochta / grúpaí ealaíne / seisiúin sa teanglann srl… a bheith lárnach sa gcúrsa.

Tá costas mór breise le fostú teagascóirí leis na sainscileanna riachtanacha chun na himeachtaí seo a stiúradh aguus coinníollacha slándála a chomhlíonadh.

Taisteal Áitiúil

Cúis imní do bhainisteoirí Choláiste Lurgan an chontúirt a bhaineann leis na céadta scoláire a iompar óna dtithe lóistín chuig an gColáiste agus ar ais arís gach lá.

I gcás Choláiste Lurgan bíonn 350 scoláire le cur ar bhusanna / mionbhusanna ar gach aistear. (San aimsir fhliuch bíonn 500 scoláire le hiompar).

Is cuidiú an-mhór chuige seo an córas cinnireachta agus na cúntóirí. Chuirfí an-fháilte roimh mhaoiniú chun tuilleadh cúntóirí a fhostú.

An Roinn Oideachais

Is tríd an Roinn Oideachais a fhaigheann Coláistí Gaeilge tacaíocht airgid ón Stát agus is faoin Roinn seo atá cúram cigireachta agus stiúrtha na gColáistí.
Níl na taillí teagaisc réadúil, agus níl aon fhreastal ceart á dhéanamh ag an Roinn ar riachtanais na gColáistí.

Is léir, ar na cúiseanna atá liostaithe thíos, nach bhfuil sé ar chumas an struchtúir stiúrtha seo atá ann faoi láthair feidhmiú go héifeachtach.

- Níor dearnadh tada faoi na moltaí atá sa leabhrán "Athbhreithniú ar Chóras na gColáistí Gaeilge Samhraidh - Cinní -" a foilsíodh Feabhra 2000.
- Páipéarachas an t-aon ionchur is léir dúinne ón Roinn Oideachais sna cúrsaí Gaeilge.
- Ní léir go bhfuil aon phlean ag an Roinn Oideachais do thodhchaí na gColáistí Gaeilge, nó go bhfuil an Roinn gníomhach ar bhealach ar bith ina bhforbairt.

Is iad seo mo mholtaíse

- Go gceapfaí cigirí lánaimseartha nach mbeadh de chúram orthu ach Coláistí Gaeilge.
  I measc na gcáilíochtaí a mholfainn a bheith acu bheadh taithí mhaith i múineadh na Gaeilge agus in obair na gColáistí Gaeilge.

- Mholfainn gur ar bhonn iasachta dhá bhliain ó scoileanna a dhéanfaí na ceapacháin.

- Go seasfadh an Stát 50% de chostas na gcigirí seo, go n-íocfaí an 50% eile as na táillí a íocann tuismitheoirí ar chúrsaí agus go gcuirfeadh an Stát oifigí ar fáil do na cigirí.

- Go mbeadh ar na cigirí díriú ar chuile ghné den obair i.e. an cúrsa teagaisc, lóistín, sábháilteacht, An tAcht Cúram Leanaí, Riail na Gaeilge, imeachtaí, fiúntas na gcúrsaí 7rl.

- Go mbeadh na cigirí le linn na scoilbhliana ag forbairt cúrsaí teagaisc, ag eagrú seisiúin oiliúna do mhúinteoirí na gcúrsaí, ag eagrú cúrsaí do mhná tí, íomhá dhearfach a chothú i leith coláistí Gaeilge 7rl, 7rl.

- Go mbeadh ról Ombudsman acu i.e. gearáin a fhiosrú agus breith a thabhairt dá réir.

- Go mbeadh sé de chúram ar na cigirí seo an scéim iomlán a mheas agus treoir den scoth a thabhairt.

Táillí Teagaisc

Is iad na táillí teagaisc an t-aon chúnamh airgid a fhaigheann an Coláiste Gaeilge ón Stát, sé sin €48 an scoláire thar thréimhse 22 lá, sin €2 an scoláire in aghaidh an lae.
Faigheann an Coláiste €17 in aghaidh an scoláire ó tháillí na dtuismitheoirí, fágann sin iomlán de €19 an scoláire in aghaidh an lae.
Má dhéantar comparáid dhíreach leis an gcostas in aghaidh an lae don Stát scoláire a choinneáil ar ghnáth scoil i.e. €60 an scoláire in aghaidh an lae, gan síntiús breise ó thuismitheoirí a áireamh, feictear go soiléir a laghad tacaíocht airgid atá á fháil ag coláistí Gaeilge.
Caithfear a chur san áireamh go bhfuil ualach oibre i bhfad níos triome ó lá go lá ar Choláiste Gaeilge ná mar atá ar ghnáthscoil.

Is léir nach bhfuil na táillí teagaisc a íocann an Stát le Coláistí Gaeilge réadúil.

Is é an moladh a bheadh agamsa faoi seo ná go gcuirfí deireadh uilig leis an nós táillí teagaisc a íoc le Coláistí Gaeilge agus ina áit go n-íocfadh an Stát múinteoirí agus cúntóirí go díreach i.e. mar a íoctar múinteoirí a mhúineann sna gnáthscoileanna.
Tá gá an coimheas múinteoir + cúntóir do gach scoláire a laghdú ó 1:25 go dtí 1:20 (nó níos lú).

Thacódh Coláiste Lurgan leis an tuairim gur gá athbhreithnú a dhéanamh ar tháillí na dtuismitheoirí agus iad a leasú dá réir i gcás go seasfadh an Stát tuarastal muinteoirí agus cúntóirí.

Briseadh síos ar chaithteachas in aghaidh an scoláire do 2005

Tá an briseadh síos seo bunaithe ar 1,750 scoláire ag íoc táille de €640 an scoláire agus ar íocaíocht €48 ón Roinn Oideachais. Iomlán €688 an scoláire.
Tugtar lascaine de €200 ar tháille cinnire agus íoctar lóistín do chúntóirí.

Lóistín	€265
Foireann teagaisc/ Príomhoidí/ Leasphríomhoidí/ Foireann teanglainne (Bunaithe ar choibhneas 1:25)	€95
Cúntóirí (Lóistín don chúntóir) (Bunaithe ar choibhneas 1:25)	€35
Árachas	€15
Taisteal áitiúil	€25
Cíos /Léas foirgnimh	€13
Post/Priondáil/ Fón/ BSL	€20
Trealamh (2005)	€20
Glanadh Fiacha (2003-2004)	€35
Aisíocaíocht Bhainc / Chomharcreidmheasa	€20
Foireann lánaimseartha (Foireann de chúigear)	€90
Léas trealaimh oifige / costais oifige	€8
Bille Cánach	€25
Plean gnó (foirgneamh nua)	€30

Cuntasóirí / Dlíodóirí / Dochtúirí /Cógaslann	€12
Cothabháil foirgneamh	€5
Bailiú bruscair	€4
Costais agallaimh	€6
Iomlán	€723

Tá fiacha fós ar an gColáiste de bharr an trealaimh nua a ceannaíodh agus an obair fheabhsúcháin a deineadh i 2003/2004. (Féach liosta obair fheabhsúcháin / trealamh 2003/2004).
Tá muid ag súil le deontas (c.€50,000) ó Roinn naGaeltachta do chaitheachas 2004.
Tá an €30 atá luaite leis an bplean gnó don fhoirgneamh á chur i dtreo réiteach iarratais phleanála (Costas iomlán don iarratas seo ná €120,000, tá€55,000 geallta ag Údarás na Gaeltachta chun cuidiú le réiteach an iarratais).
Beidh iasacht bhreise de €60,000 á lorg ag an gColáiste as seo go Nollaig 2005.

Trealamh agus obair fheabhsúcháin 2004

Screenway, Gaillimh
Dell
Enda Mac Cába
Sanako / lab 250
Cabinpack-Seomraí réamhthógtha
Caoimhín Mac Domhnaill
Pádraig Ó Grádaigh
Joe Ó Feinneadha
Nioclás Ó Conchubhair
Daycom
Enda Mac Cába
IBS, Gaillimh
Socos
Trend Studios (cóipeáil CD-anna)
Shane ó Muircheartaigh
Aonghus Mac Anna / Ailtire
GOAL-Turas Nairobi-Scannánaíocht
Mondo-trealamh spóirt
Hyland Shipping
Gerry Madden
Díon nua ar thaobh den Choláiste
Clúdach Lannex
Mionbhus "nua"
Canoe center
Rothair (35)
Trealamh don "gym"
"Containers" dhá cheann
Hynes HiFi
Ollscoil Luimnigh

Trealamh agus obair fheabhsúcháin 2003

Screenway Gaillimh
Cistin / Seomra fuar
Caigheacanna / Fearas sábhála
Córas soilsiú don stáitse
Bus agus mionbhus "nua"
Cóiriú ar oifig nua

Ríomhairí / Bog-ábhar / Printer A1	€9,600
Ríomhairí / freastalaí don teanglann	€21,000
Ríomhairí teanglainne a cheangal le gréasán	€3,000
Bog-ábhar don teanglann	€13,500
Teanglann + 3 sheomra ranga	€41,000
obair leictreach ar na seomraí	€4,200
réiteach suímh do na seomraí	€2,500
ceangal na seomraí le chéile / siúinéireacht	€2,500
ábhar tógála don obair	€2,600
Freastalaí don oifig riaracháin	€4,400
Gréasán a shocrú san oifig riaracháin	€2,000
Printer laser don oifig	€2,500
Troscán oifige	€2,200
"Cuimhní Gaeltachta"/ Cleacht.Comh. / Réamh.	€7,800
Comhairleoir IT i ndearadh CD-rom	€6,200
Plean tógála don fhoirgneamh nua	€14,000
Fear Ceamara / Ceamara / eitiltí, lóistín do sheisear	€9,800
Cuaillí / suíocháin	€9,200
Trealamh spóirt a iompar ón Spáinn	€2,200
Deisiú an dá chlós (Teach Mór + an Cnoc)	€38,000
	€9,800
Cosaint do na fuinneoga ar aghaidh an Choláiste	€3,200
	€4,000
Báid / céaslaí / seaicéid sábhála	€14,500
	€4,000
	€4,500
	€3,500
20 GB digital recorder	€1,400
Táillí cúrsa ríomhaireachta	€3,300
	€246,400

	€
Fearas IT do 16 seomra ranga -Studio	70,000
Chun lón a réiteach do 500 scoláire gach lá	€50,000
	€16,000
	€7,500
	€9,500
	€7,000
	€160,000

Gearáin

Nuair a chuirtear san áireamh líon na ndreamanna éagsúla idir scoláirí, lucht tithe lóistín, múinteoirí, lucht riaracháin agus fostaithe eile a mbíonn baint acu le coláistí Gaeilge agus rudaí ar nós cúrsaí sláinte, lóistín, bia, iompar 7rl, ní hionadh go léiritear mí-shásaimh ó am go ham.
Déantar gearáin faoi réimse leathan ábhar agus is ag méadú atá an réimse sin le fás na gcúrsaí.
Ní féidir barántas a thabhairt d'aon scoláire ná d'aon tuismitheoir roimh ré go mbeidh siad 100% sásta le gach gné den chúrsa.
Is minic go mbíonn tuairisc iomlán difriúl ag scoláirí éagsúla ar an taithí cheannann chéanna.
Ní ag tagairt do ghearáin a bhaineann le m.sh. sláinte scoláirí atáim anseo ach do chásanna ina mbraitheann scoláirí / tuismitheoirí gur deineadh faillí orthu nó go bhfuil siad mí-shásta leis an gcaoi ar caitheadh leo.
Le linn d'aon scoláire a bheith faoinár gcúram, déantar gach iarracht réasúnta teacht ar réiteach ar aon ghearán a bhíonn acu.
Déileáileann foireann an choláiste go cothrom agus go gairmiúil le riar maith fadhbanna, deacrachtaí agus gearáin a thagann chun cinn i rith na gcúrsaí.
Bíonn roinnt gearán agus fadhbanna, áfach, nach féidir a réiteach chun sástachta gach scoláire agus tuismitheora .
Is chun déileáil le cásanna mar seo a theastódh Ombudsman do na Coláistí Gaeilge. Is chuige / chuici seo a chuirfí gearáin nach mbeadh réiteach orthu idir an Coláiste agus tuismitheoirí / scoláirí.
Bheadh ar an gColáiste cloí le pé cinneadh a dhéanfadh an Ombudsman.
Is i gcomhthéacs athstruchtúrú iomlán ar an gcaoi a ndéantar riaradh agus cigireacht ar Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge ba cheart breathnú ar an ról a bheadh ag Ombudsman.

Ár nDualgas Cúraim

Tá treoirlínte nua leagtha amach sa leabhar "*Ár nDualgas Cúraim*", a d'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí i 2003, maidir le prionsabail dea-chleachtais chun cosaint a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga.

Tá an doiciméad seo dírithe ar eagraíochtaí pobail agus deonacha, a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine óga i.e. daoine atá faoi bhun ocht mbliana déag, mar atá leagtha síos san Acht um Chúram Leanaí.

D'fheidhmigh an Coláiste cód cleachtais i 2004 d'fhostaithe a bhíonn ag obair le scoláirí i gColáistí Gaeilge. Caithfidh gach fostaí foirm iarratais, dearbhú agus ainm beirte a thabharfadh teistiméireacht dó/di a sheoladh ar aghaidh chuig Coláiste Lurgan.

Tá dualgas ar an gColáiste agus ar gach aon duine a thagann i dteagmháil le scoláirí a chinntiú go leantar na cleachtais agus na moltaí atá molta dóibh sa doiciméad seo.

Tá tábhacht agus fiúntas ag baint leis an bpróiseas earcaithe seo a éilíonn an Roinn Sláinte.
Tá sé tábhachtach do Choláiste Lurgan go gcloítear leis na treoirlínte atá ann.

Is iad ár n-aidhmeanna sa gColáiste seo ná

- Na prionsabail agus na treoirlínte uilig atá leagtha amach sa leabhar "*Ár nDualgas Cúraim*" a fheidhmiú
- Timpeallacht foghlama spreagúil a chothú
- Foireann a oibríonn as lámh a chéile chun freastal ar riachtanais sábhála, sláinte agus foghlamtha na scoláirí a earcú

Is cúis imní dúinn nach bhfuil na ranna Stáit atá i mbun Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge fós ag comhlíonadh na freagrachta atá orthu faoin Acht um Chúram Leanaí.
Tá dualgas ar na ranna Stáit atá i mbun na Scéime, chomh maith le chuile fhostaí a thagann i dteagmháil le scoláirí, a chinntiú go leantar na cleachtais agus na moltaí atá luaite sa doiciméad seo.
Is léir go bhfuil cuid mhaith oibre i gceist chun cód cleachtais a fheileann do Choláiste Gaeilge a réiteach.

Todhchaí na gColáistí Gaeilge

Is iontach go mbíonn spéis ag an méid sin daoine freastal ar chúrsaí Gaeilge.
Ní gá gurb í foghlaim na Gaeilge an phríomhchúis go roghnaíonn tuistmitheoirí / scoláirí freastal ar chúrsa Gaeilge, an fhad agus go mbíonn siad toilteanach luí isteach leis an bpríomhchoinníoll cláraithe a bhaineann le hiompar teanga, fáiltítear rompu.

Bíonn éileamh i gcónaí ag tuismitheoirí ar thograí oideachasúla a mbeidh muinín acu astu agus a chuifidh suíomh sábháilte / spreagúil / taitneamhach ar fáil dá bpáistí.

I gcás nach mbeidh Coláistí Gaeilge in ann an éileamh seo a shásamh tiocfaidh tograí eile chun cinn nach mbeidh aon pháirt ag an nGaeilge leo iontu.

Téann na trí seachtainí ar chúrsa Gaeilge i gcion go mór ar fhormhór na bhfoghlaimeoirí óga.
Tugtar an deis dóibh den chéad uair Gaeilge a úsáid mar theanga chaidrimh agus is cinnte go dtaitníonn an taithí seo go mór lena bhformhór.

Is ó na scoileanna 7 na ceantair chéanna, den chuid is mó a thagann scoláirí chuig Coláistí Gaeilge ar leith.

Tá deis iontach anseo comhordú a dhéanamh idir mhúineadh na Gaeilge i scoileanna agus i gColáistí Gaeilge ar leith chun an tacaíocht is fearr a thabhairt don duine óg ar spéis leis / léi barr feabhais a chur ar a c(h)uid G(h)aeilge labhartha.

D'fhéadfaí córas a bhunú i scoileanna ina ndéanfaí áiseoireacht ar mhaithe le scoláirí a d'fhreastal ar Choláistí Gaeilge agus ar mian leo Gaeilge a úsáid mar theanga chaidrimh lasmuigh den seomra ranga.

Tá go leor iarscoláirí ó na Colaistí Gaeilge i scoileanna timpeall na tíre a mbeadh an-fhonn orthu tacú le hiarracht den chineál seo.

Caithfear iarracht níos fearr a dhéanamh a léiriú do scoláirí gur rogha réadúil í an Ghaeilge mar theanga chaidrimh i saol an lae inniu.
Is é an scoláire féin, ar deireadh, a shocraíonn cén tábhacht a bheidh ag an nGaeilge ina s(h)aol.

Tá easpa físe ar na húdaráis Stáit atá i mbun stiúradh na gColáistí Gaeilge maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann lena bhforbairt.

Is é mo thuairim go bhfuil íomhá an-dúílteach á chothú i leith fhoghlaim na teanga i ngnathscoileanna na tíre in ainneoin go bhfuil breis agus €500 milliún á chaitheamh faoi scáth na Roinne Oideachais gach aon bhliain ar mhúineadh na Gaeilge.

Ní chaitheann an Roinn Oideachais ach milliún amháin chun tacú le 24,000 scoláire a chur ar chúrsaí trí seachtainí sna Coláistí Gaeilge.

Plean Forbartha do Choláistí Gaeilge

1. Bord Stiúrtha na gColáistí Gaeilge a bhunú a mbeadh ionadaíoch ag na príompháirtithe a bhfuil baint fadtréimhseach acu le Coláistí Gaeilge, sin iad, an stát, mná tí, lucht riartha na gColáistí, tuismitheoirí, ardmháistrí 7rl.

2. Cigirí lánaimseartha a cheapadh nach mbeadh de chúram orthu ach Coláistí Gaeilge. I measc na gcáilíochtaí ba ghá a bheith ag na cigirí bheadh taithí mhaith ar mhúineadh na Gaeilge agus ar obair na gColáistí Gaeilge.

3. Ba chóir don Stát múinteoirí agus cúntóirí a íoc go díreach in áit a bheith ag íoc táillí teagaisc le Coláistí Gaeilge.

4. Coibhneas múinteoirí/cúntóirí : scoláirí a laghdú ó 1:25 go 1:20 (nó níos lú).

5. Ba cheart na táillí a íocann tuismitheoirí a laghdú go €500 do chúrsa trí seachtainí. Chaithfeadh an Stát ansin céatadán níos mó den chostas lóistín a íoc ná mar a íocann faoi láthair.

6. Ba cheart comhordú a bheith idir obair na gColáistí Gaeilge agus múineadh na Gaeilge sna gnáthscoileanna. Chuige seo ba ghá áisitheoireacht a dhéanamh ar son iarscoláirí Choláistí Gaeilge gur mian leo Gaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga ina scoileanna féin.

7. Caithfear na prionsabail agus na treoirlínte uilig atá leagtha amach sa leabhar Ár nDualgas Cúraim a fheidhmiú.

8. Caithfear leanacht ag forbairt an Chúrsa Teagaisc Ilmheánach ionas go mbeidh an cur i láthair is éifeachtaí in úsáid againn i múineadh na Gaeilge.

9. Caithfear taighde neamhspleách a dhéanamh ar éifeacht agus fiúntas na gColáistí Gaeilge agus ar an tionchar a bhíonn acu ar na scoláirí a dhéanann freastal orthu maidir le foghlaim agus úsáid na Gaeilge.